Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/5430

9.10.2025

**Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún** ([1])

(C/2025/5430)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

**'Périgord'**

**PGI-FR-A1105-AM03 — 10.7.2025**

1. **Ainm an táirge**

'Périgord'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☒ Tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **Údarás náisiúnta a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ministère de l'agriculture, de l'agroalimentaire et de la forêt [An Aireacht Talmhaíochta, Agraibhia agus Foraoiseachta]

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Fraince go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge sin mar a shainmhínítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Níl i gceist leisan iarratas ar leasú ar ATFC 'Graves de Vayres' aon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad, go sonrach:

(a) níl i gceist leis athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

(b) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach an t-iarratas.

([1]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

*Páirt-dhí-alcólú a chur isteach*

Tá an grúpa táirgeoirí TGFC ag iarraidh go gcuirfí páirt-dhí-alcólú isteach sa tsonraíocht táirge le haghaidh TGFC 'Périgord'.

Chun freastal ar an éileamh sóisialta sin, is mian le táirgeoirí an TGFC táirge nua a chur leo siúd atá ar fáil cheana féin laistigh den ainmniúchán, agus ar an gcaoi sin a dtáirgí a chumhdaítear leis an TGFC a éagsúlú.

Is é an chúis a thug an grúpa táirgeoirí TGFC leis iarraidh sin an t-athrú ar threochtaí sóisialta agus ar phatrúin tomhaltais. Mar thoradh ar an méadú atá ag teacht ar an gcomhfhios sláinte, ar fheasacht mhéadaithe ar éifeachtaí an alcóil agus ar an méadú atá ag teacht ar an líon Francach atá ag roghnú stíl mhaireachtála níos sláintiúla a bheith acu, tá laghdú tagtha ar an tomhaltas. Ina theannta sin, tá athrú tagtha ar an méid a thaitníonn le tomhaltóirí.

Baineann na leasuithe atá beartaithe seo a leanas ar an tsonraíocht táirge le haghaidh TGFC 'Périgord' le páirt-dhí-alcólú ar na fíonta a thabhairt isteach:

- Na cineálacha táirge: fíonta dearga, rosé agus geala socra atá páirt-dhí-alcólaithe a chur isteach.
- Caighdeáin anailíseacha: neart alcóil iarbhír íosta de réir toirte idir 6 % agus 9 % a chur isteach le haghaidh fíonta páirt-dhí-alcólaithe.
- Tréithe orgánaileipteacha: tuairisc ar an táirge.
- Limistéar geografach / limistéar díreach in aice láimhe: buantar na fíonchaora agus déantar na fíonta páirt-dhí-alcólaithe, forbraítear agus dí-alcólaítear iad ar fud limistéar geografach TGFC 'Périgord', agus ar fud an limistéir atá díreach in aice leis.
- Cineálacha fíniúna: táirgtear na fíonta páirt-dhí-alcólaithe ó na cineálacha uile a liostaítear sa tsonraíocht táirge le haghaidh TGFC 'Périgord'.
- Torthaí táirgeachta uasta: táirgtear na fíonta páirt-dhí-alcólaithe faoi réir na huastáirgeachta in aghaidh an heicteáir dá bhforáiltear sa tsonraíocht táirge le haghaidh TGFC 'Périgord', is é sin 120 hl/ha.
- Próisis dí-alcólaithe: úsáidtear próisis dí-alcólaithe atá údaraithe leis an rialachán.
- Nasc leis an limistéar geografach: leasaíodh an nasc chun an méid seo a leanas a chur isteach:
  - sa roinn dar teideal 'Sainiúlacht an táirge': saintréithe na bhfíonta páirt-dhí-alcólaithe;
  - sa roinn dar teideal 'Nasc cúisíoch': tagairt d'fhíonta páirt-dhí-alcólaithe (clú agus nasc leis an limistéar).
- Coinníollacha lena rialaítear cur i láthair agus lipéadú: tá an téarma 'fíon páirt-dhí-alcólaithe' éigeantach.
- Ceanglais maidir le dearbhú: cuireadh isteach dearbhú le haghaidh fíonta a bhfuil sé beartaithe iad a dhí-alcólú.
- Na príomhphointí le haghaidh seiceála: ní mór seiceálacha córasacha a dhéanamh ar na fíonta atá beartaithe le haghaidh cóireáil dí-alcólaithe, mar aon leis na fíonta páirt-dhí-alcólaithe.

Déanann sé sin difear don phointe nó do na pointí seo a leanas den doiciméad aonair: 'Tuairisc ar na fíonta', 'Limistéar geografach sainithe', 'Nasc leis an limistéar geografach' agus 'Coinníollacha breise'.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Périgord

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

TGFC — Tásc geografach faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

Baineann an tásc geografach faoi chosaint ‘Périgord’ go heisiach le fíonta dearga, rosé agus geala socra, agus le fíonta dearga, rosé agus geala socra atá páirt-dhí-alcólaithe. Bíonn íosmhéid nirt alcóil iarbhír 10,5 % de réir toirte ag fíonta socra a bhfuil an tásc geografach faoi chosaint ‘Périgord’ orthu. Bíonn neart alcóil iarbhír de réir toirte idir 6 % agus 9 % ag fíonta socra páirt-dhí-alcólaithe ar a bhfuil tásc geografach faoi chosaint ‘Périgord’.

Leagtar síos i reachtaíocht an Aontais an aigéadacht iomlán (íosta nó uasta), dé-ocsaíd sulfair iomlán in aigéadacht luaineach agus neart alcóil iomlán de réir toirte. A bhuí le comhlántacht na gcineálacha fíniúna Acatáine agus áitiúla, bíonn na fíonta dearga bog agus cruinn le tainniní atá beagán gráinneach uaireanta, rud a thugann saintréithe áirithe dóibh. Ar an taobh eile, bíonn dea-bholaithe torthaíocha ar na fíonta rosé agus bíonn úire deas acu ag an deireadh. Bíonn blas torthaíoch agus éadrom ar na fíonta geala tirime freisin ach bíonn toirt mhín acu agus beagán aigéadachta ag an deireadh. Bíonn fíonta dearga ar a bhfuil an tagairt ‘Vin de Domme’ torthaíoch agus bog. Bíonn dath dearg an rúibín ar fhíonta a aosaítear i mbairillí darach agus bíonn dea-bholaithe torthaíocha orthu, agus blas beagán adhmadach liocrais orthu. Tá cumhracht an-léiritheach ag na fíonta rosé diandaite ar a bhfuil an t-ainm ‘Vin de Domme’ agus tá blasanna de thorthaí dearga orthu. Sa bhéal, is saintréith dóibh cothromaíocht mhaith le toirt, iarbhlas fada agus te agus úire. Tá saintréithe TGFC ag fíonta a bhfuil sé beartaithe iad a pháirt-dhí-alcólú. Coinníonn fíonta páirt-dhí-alcólaithe ag a bhfuil tásc geografach faoi chosaint ‘Périgord’ a mblas agus a gcáilíochtaí aramatacha. Tá na fíonta geala, rosé agus dearga atá páirt-dhí-alcólaithe torthaíoch, úr, comhchuí, cothrom agus bog. Bíonn siad éadrom agus éasca le hól.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Ní mór na cleachtais fhíoneolaíocha uile a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Chód Tuaithe agus Iascaireachta Muirí.

5.2. *Uastáirgeacht*

120 heictilítear in aghaidh an heicteáir

### 6. Limistéar geografach críochaithe

Déantar na fíonchaora a bhuain agus déantar fíonta a bhfuil tásc geografach faoi chosaint 'Périgord' acu, déantar iad a fhorbairt agus a pháirt-dhí-alcólú: — i roinn Dordogne - i gcríoch an bhardais seo a leanas atá suite i roinn Lot: Salviac.

### 7. Cineál (nó cineálacha) fíonchaor

Abondant B

Abouriou B

Alicante Henri Bouschet N

Aligoté B

Alphonse Lavallée N

Altesse B

Alvarinho — Albariño

Aléatico N

Aramon N

Aramon Blanc B

Aramon Gris G

Aranel B

Arbane B

Arinarnoa N

Arriloba B

Arrouya N

Arrufiac B — Arrufiat

Artaban N

Aubin B

Aubin Vert B

Aubun N — Murescola

Auxerrois B

Bachet N

Barbaroux Rs

Baroque B

Biancu Gentile B

Blanc Dame B

Bouchalès N

Bouillet N

Bouquettraube B

Bourboulenc B — Doucillon Blanc

Brachet N — Braquet

Brun Fourca N

Brun Argenté N — Vaccarèse

Béclan N — Petit Béclan

Béquignol N

Cabernet Blanc B

Cabernet Cortis N

Cabernet Franc N

Cabernet Sauvignon N

Caladoc N

Calitor N

Camaralet B

Carcajolo N

Carcajolo Blanc B

Carignan N

Carignan Blanc B

Carménère N

Castets N

Chardonnay B

Chasan B

Chasselas B

Clairette Rose Rs

Chatus N

Chenanson N

Chenin B

Cinsaut N — Cinsault

Clairette B

Clairette rose Rs

Clarin B

Claverie B

Codivarta B

Colombard B

Colombaud B — Bouteillan

Corbeau N — Douce Noire

Côt N — Malbec

Counoise N

Courbu B — Gros Courbu

Courbu Noir N

Crouchen B — Cruchen

César N

Danlas B

Duras N

Durif N

Egiodola N

Ekigaïna N

Elbling B

Etraire de la Dui N

Fer N — Fer Servadou, Braucol, Mansois, Pinenc

Feunate N

Floréal B

Folignan B

Folle Blanche B

Franc Noir de Haute-Saône N

Fuella Nera N

Furmint B

Gamaret

Gamay Fréaux N

Gamay N

Gamay de Bouze N

Gamay de Chaudenay N

Ganson N

Gascon N

Genovèse B

Goldriesling B

Gouget N

Graisse B

Gramon N

Grassen N — Grassenc

Grenache N

Grenache Blanc B

Grenache Gris G

Gringet B

Grolleau N

Grolleau Gris G

Gros Manseng B

Gros Vert B

Jacquère B

Joubertin

Jurançon Blanc B

Jurançon Noir N — Dame Noire

Knipperlé B

Lauzet B

Len de l'El B — Loin de l'Oeil

Liliorila B

Listan B — Palomino

Lival N

Macabeu B — Macabeo

Mancin N

Manseng Noir N

Marsanne B

Marselan N

Mauzac B

Mauzac Rose Rs

Mayorquin B

Melon B

Merlot N

Merlot blanc B

Meslier Saint-François B — Gros Meslier

Meunier N

Milgranet N

Molette B

Mollard N

Monarch N

Mondeuse N

Mondeuse Blanche B

Monerac N

Montils B

Morrastel N — Minustellu, Graciano

Mourvaison N

Mourvèdre N — Monastrell

Mouyssaguès

Muscadelle B

Muscardin N

Muscaris B

Muscat Ottonel B – Muscat, Moscato

Muscat Cendré B — Muscat, Moscato

Muscat d'Alexandrie B — Muscat, Moscato

Muscat de Hambourg N — Muscat, Moscato

Muscat à petits grains blancs B – Muscat, Moscato

Muscat à petits grains roses Rs – Muscat, Moscato

Mérille N

Müller-Thurgau B

Nielluccio N — Nielluciu

Noir Fleurien N

Négret de Banhars N

Négrette N

Ondenc B

Orbois B

Pagadebiti B

Pascal B

Perdea B

Persan N

Petit Courbu B

Petit Manseng B

Petit Meslier B

Petit Verdot N

Picardan B — Araignan

Pineau d'Aunis N

Pinot Blanc B

Pinot Gris G

Pinot Noir N

Piquepoul blanc B

Piquepoul Gris G

Piquepoul Noir N

Plant droit N — Espanenc

Portan N

Poulsard N — Ploussard

Prunelard N

Précoce Bousquet B

Précoce de Malingre B

Raffiat de Moncade B

Ribol N

Riminèse B

Rivairenc N — Aspiran Noir

Rivairenc Blanc B – Aspiran Blanc

Rivairenc Gris G – Aspiran Gris

Romorantin B — Danery

Rosé du Var Rs

Roublot B

Roussanne B

Roussette d'Ayze B

Sacy B

Saint Côme B

Saint-Macaire N

Saint-Pierre Doré B

Sauvignon B — Sauvignon Blanc

Sauvignon Gris G — Fié Gris

Savagnin Blanc B

Savagnin Rose Rs

Sciaccarello N

Segalin N

Select B

Semebat N

Sémillon B

Servanin N

Servant B

Solaris B

Soreli B

Souvignier Gris Rs

Syrah N — Shiraz

Tannat N

Tempranillo N

Terret Blanc B

Terret Gris G

Terret Noir N

Tibouren N

Tourbat B

Touriga Nacional N

Tressot N

Trousseau N

Téoulier N

Ugni Blanc B

Valdiguié N

Velteliner Rouge Précoce Rs

Verdejo B

Verdesse B

Vermentino B — Rolle

Vidoc N

Viognier B

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Tá Périgord, a bhfuil baint aige le roinn Dordogne, lonnaithe in Iardheisceart na Fraince. Cruthaíonn sé athrú idir an Massif Central creimthe agus imchuach dríodair ollmhór na hAcatáine.

Trasnaítear é ón oirthuaisceart go dtí an t-iardheisceart le líonra aibhneacha ina bhfuil, *inter alia*, an tOileán agus an Vézère agus a gcraobh-aibhneacha, go mór mór i ndeisceart roinn Dordogne.

Tairbhíonn Périgord go hiomlán de thionchair an Atlantaigh, i dtéarmaí teochtaí agus báistí araon. Laghdaíonn an grádán teirmeach ón iardheisceart go dtí an t-oirthuaisceart de réir mar a théann an airde in airde. Tá a mhalairt fíor i gcás báistí.

Aeráid leathmhuirí is ea an aeráid, le raon teochta bliantúil níos leithne agus níos lú báistí ná mar atá ar chósta na hAcatáine. Is iondúil go mbíonn an t-earrach níos fliche ná an geimhreadh, agus gaotha aniar iad na gnáthghaotha.

I dtéarmaí geomoirfeolaíocha, is ardchlár aolchloiche tuire é an limistéar táirgeachta ina bhfuil go leor feiniméin charstacha (pluaiseanna, gáibéil, slogaidí, srutháin agus fuaráin a imíonn as radharc) a thrasnaíonn gleann an-domhain Céou.

Tá gréasáin de roinnt limistéir saothrúcháin gránach ar fud an tírdhreacha in imchuacha na ngleannta, fánaí géara agus imill ardchláir, le lomáin aolchloiche ina bhfuil an fásra comhdhéanta de dhair ghlas agus de roschoill aitil.

Tá na limistéir shaothrúcháin suite ar na codanna is airde den ardchlár agus i limistéir níos ísle freisin nuair a dhéantar an aolchloch a chreimeadh go leor chun ithir a iompar.

Cé go bhfuil foraoisí i limistéir aolchloiche neamhshaothraithe den chuid is mó, tá an talmhaíocht le fáil sna cinn eile, le roinnt saothrú gránach, pórú caorach, crainn gallchnó agus táirgeadh sú talún i limistéar Nabirat agus barra tobac i ngleann Dordogne.

Go nádúrtha, tá a áit féin ag fíonsaothrú sna hardchláir aolchloiche atá dea-nochta agus aerach.

Léiríonn cartagrafaithe ón 18ú céad (go háirithe Belleyme) go raibh fíonghoirt suite ar fud ghleann Dordogne, agus bhí dhá mhol thábhachtacha timpeall Bergerac agus Domme agus in oirthuaisceart na roinne ag bun na chéad chnoic den Massif Central ag imeall an scealla agus na haolchloiche.

Sa lá atá inniu ann, tá fíonsaothrúchán comhchruinnithe sa limistéar timpeall Bergerac agus i gcantún Domme, a bhfuil athnuachan éigin á déanamh air.

Maidir le cantún Domme, tá dronnchlaonas Campagnac-les-Quercy mar chuid d'aolchloch Chailceach an réigiúin.

Tá aolchloch i bhfoirmíochtaí Iúrasacha Portlandien agus Kimméridgian a bhriseann ina leaca, as a n-eascraíonn clocha cothroma ar a dtugtar 'lauzes'. Thairis sin, bhain saothróirí fíniúna na leaca aolchloiche sin óna ndáileachtaí talún chun na ballaí máguaird agus cábáin cloiche tirime a thógáil, a bhfuil na cinn is cáiliúla díobh, ar ardchlár Daglan, liostaithe san fhardal breise de shéadchomharthaí stairiúla.

Is mar gheall ar an ngné gheolaíoch áirithe sin atá fíonsaothrúchán tagtha slán agus forbartha sa limistéar sin. Mar a tharla ar fud an Iardheiscirt, bunaíodh fíonsaothrúchán in Périgord i ré na Rómhánach.

Ón tús, ba í Abhainn Dordogne, an t-aon bhealach iompair (agus báid lastais á n-úsáid), a raibh ról cinntitheach aici maidir le trádáil 'vins du haut pays' (fíonta ardtíre).

Bhí na fíonta a iompraíodh tríd an Dordogne agus trí na haibhneacha Garonne, Lot agus Tarn, in ann maireachtáil agus forbairt go dtí an léirscrios a rinneadh le phylloxera thart ar 1880. Bhí fíonghoirt fós ag laghdú tar éis an dara buille marfach den Chéad Chogadh Domhanda, rud a bhain glúin fear díobh. Tháinig an fíonsaothrúchán slán go príomha sa limistéar timpeall Bergerac.

Tá an rogha cineálacha fíona, bunaithe ar fhíonchaora áitiúla agus Acatáine, den chuid is mó, i gcás fíonta dearga ag Merlot agus Cabernet agus, i gcás fíonta geala ag Sauvignon agus Sémillon agus beagán Chardonnay.

A bhuí leis an gcomhlántacht sin, bíonn na fíonta dearga bog agus mín, bíonn tainniní beagán gráinneach acu uaireanta, rud a thugann saintréith áirithe dóibh.

Ar an taobh eile, bíonn dea-bholaithe torthaíocha ar na fíonta rosé agus bíonn úire deas acu ag an deireadh.

Bíonn blas torthaíoch agus éadrom ar na fíonta geala tirime freisin ach bíonn toirt mhín acu agus beagán aigéadachta ag an deireadh.

Tá saintréithe TGFC ag fíonta a bhfuil sé beartaithe iad a pháirt-dhí-alcólú.

Coinníonn fíonta páirt-dhí-alcólaithe ag a bhfuil tásc geografach faoi chosaint 'Périgord' a mblas agus a gcáilíochtaí aramatacha. Bíonn na fíonta geala, rosé agus dearga atá páirt-dhí-alcólaithe glan, torthaíoch, úr, comhchuí, breá cothrom agus bog. Bíonn siad éadrom agus éasca le hól.

Mar thoradh ar a iargúltacht ó Bordeaux, is lú a d'fhulaing réigiún Domme mar gheall ar an gCogadh Céad Bliain. Le linn na tréimhse tar éis an Chogaidh Céad Bliain, rinneadh iarrachtaí chun fíonghoirt a athchóiriú agus fíniúnacha nua a chur, mar is léir ón iliomad doiciméad nótaire.

Thart ar 1260, bhreathnaigh Cunta Toulouse ar bhuaint fíonchaor i roinnt limistéar i réigiún Domme. Rialaítear díol fíona in Sarlat le reachtanna a théann siar go 1288, mar a dheimhnítear le litreacha paitinne ó 1299.

Tá an táirgeadh reatha i réigiún Domme comhdhéanta d'fhíonta dearga agus rosé. Bíonn na fíonta dearga torthaíoch agus bog. Bíonn dath dearg an rúibín orthu siúd a aosaítear i mbairillí darach agus bíonn dea-bholaithe torthaíocha orthu, agus blas beagán adhmadach liocrais orthu.

Tá cumhracht an-léiritheach ag na fíonta rosé diandaite ar a bhfuil an t-ainm 'Vin de Domme' agus tá blasanna de thorthaí dearga orthu. Sa bhéal, is saintréith dóibh cothromaíocht mhaith le toirt, iarbhlas fada agus te agus úire.

Is léir gur fíon Acatáine é fíon Domme de thoradh cheannas Merlot N agus Cabernet Franc N, agus is lú an úsáid a bhaintear as cineál Côt N, atá an-choitianta i roinn chomharsanach Lot.

Déanann 'Association des amis du vin de Domme' [Comhlachas Fíona Chairde Domme], ina bhfuil níos mó ná 2 000 comhalta, lena n-áirítear na 15 dhéantóir fíona, ionadaíocht ar an réigiún beag sin ina iomláine ina iarrachtaí an limistéar mór le rá fíonsaothrúcháin sin a choinneáil ar bun, a bhfuil cáil air ag leathadh mar thoradh ar a struchtúir chomhoibríocha dhinimiciúla. Bhí tionchar ag na naisc stairiúla agus chultúrtha lena chomharsa mór, réigiún Bordeaux, ar an bhfíonóireacht in Périgord. Cé gurb ann do leanúnachas geomoirfeolaíoch agus aeráide idir an dá réigiún, tá leanúnachas ann freisin ó thaobh saothrú de, agus úsáidtear na cineálacha fíonchaor Acatáine céanna.

A bhuí le naisc thrádála, bhíothas in ann idirphlé a dhéanamh agus fios gnó a mhalartú idir an dá phobal fíonsaothrúcháin chomharsanacha.

25 tháirgeoir atá i dtáirgeacht iomlán 'vin de pays' laistigh de roinn Dordogne, lena n-áirítear 6 shiléar fíona chomhoibritheacha, arb ionann iad agus 8 500 heictilítear d'fhíonta dearga agus rosé ar an meán agus 2 500 heictilítear d'fhíonta geala.

An 12 Meán Fómhair 1784, thug pobal Domme isteach prionsabal an fhorógra buainte 'chun cáil "vins de pays" a chaomhnú, cáil a chaillfí dá mba rud é go mbuainfí fíonchaora sula n-aibíonn siad go hiomlán'.

Tá fíonlanna suite go príomha i ngarchomharsanacht na gcalafort lastais, is iad sin Domme agus Castelnaud, chun gur féidir na fíonta a iompar le sruth ar bháid lastais.

Ag deireadh an 19ú céad, thug phylloxera an chéad bhuille marfach don fhíonsaothrúchán, rud a bhí cothrom le níos mó ná 2 800 heicteár d'fhíniúnacha ag an am.

Thógfadh sé go dtí 1993 comhlachas feirmeoirí, teicneoirí talmhaíochta agus ionadaithe tofa áitiúla a bhunú chun fíonsaothrúchán a athbhunú.

Díorthaíonn fíonta Périgord a sainiúlacht ón ardchlár aolchloiche ar a bhfuil na fíniúnacha suite den chuid is mó. Tairbhíonn na hithreacha sin de dhraenáil mhaith, rud atá fabhrach do tháirgeadh fíonta úra geala agus rosé a bhfuil leibhéal maith aigéadachta acu. Cuireann córas maith hidreolaíoch na hithreach, in éineacht leis na tionchair aigéanacha, ar chumas na bhfíonchaor aibíocht mhaith fheanólach a bhaint amach, rud a chruthaíonn fíonta dearga a bhfuil a dtainniní mar shaintréith acu.

Mar gheall ar thionchar ghleann Dordogne, atá oscailte do thionchar muirí níos suntasaí, bíonn fíon 'vin de Domme' níos boige agus níos torthaíche.

Agus dea-cháil orthu le fada an lá, tairbhíonn fíonta Périgord agus Domme freisin de ghníomhaíocht turasóireachta a bhíonn thart ar an suíomh eisceachtúil gar do bhaile daingean meánaoiseach Sarlat, a mheallann beagnach 2 mhilliún cuairteoir in aghaidh na bliana, agus ina ndéantar go leor scannán stairiúil a scannánú.

Chomh maith le táirgí bia áitiúla eile, lena n-áirítear gallchnónna, sútha talún, cnó capaill, cáis cabécou agus uain, gan dearmad a dhéanamh ar strufail agus ceapa, cuireann fíonta Périgord le cáil an réigiúin turasóireachta sin.

Mar gheall ar athruithe ar nósanna tomhaltais fíona, agus imní shuntasach ann i measc tomhaltóirí maidir le haiste bia níos sláintiúla agus nach bhfuil chomh calrach céanna, tá roinnt táirgeoirí TGFC Périgord tar éis cuid dá dtáirgeadh a dhíriú i dtreo fíonta páirt-dhí-alcólaithe, chun freastal ar an éileamh sóisialta. Ina theannta sin, is féidir céannacht fhíonta TGFC Périgord, arb iad a mbogacht agus a bpróifíl thorthaíoch mar shaintréith acu, a chaomhnú le haghaidh na bhfíonta páirt-dhí-alcólaithe, rud a chuireann le cáil an TGFC.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Caithfidh lógó TGFC an Aontais Eorpaigh a bheith ar an lipéad má chuirtear an téarma traidisiúnta 'Vin de pays' in ionad 'Indication géographique protégée' ('Tásc geografach faoi chosaint').

Féadfar ainm ceann de na haonaid gheografacha bhreise seo a leanas a chur leis an tásc geografach faoi chosaint 'Périgord' i gcomhréir leis na coinníollacha táirgthe a leagtar síos sa tsonraíocht seo: 'Dordogne' agus 'Vin de Domme'.

Níor cheart méid na litreacha a úsáidtear le haghaidh na n-aonad geografach 'Dordogne' agus 'Vin de Domme' a bheith níos mó, ó thaobh airde ná leithid de, ná na litreacha a úsáidtear le haghaidh an táisc gheografaigh faoi chosaint 'Périgord'.

Is féidir na nithe seo a leanas a chur leis an tásc geografach faoi chosaint 'Périgord':

ainm(neacha) de cheann amháin nó níos mó cineálacha fíniúna,

an focal 'primeur' (luath) nó an focal 'nouveau' (nua).

Ní mór na focail 'Fíon páirt-dhí-alcólaithe' a bheith ar lipéad fíonta páirt-dhí-alcólaithe a bhfuil an tásc geografach faoi chosaint 'Périgord' acu.

**Nasc chuig an tsonraíocht táirge**

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-8f339a88-105e-4d50-a0ed-4f52c10c90a2